C/2026/5263

9.10.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12595 — BRIDGEPOINT / GBA GROUP)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/5263)

1. An 1 Deireadh Fómhair 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Bridgepoint Group Holdings Limited (an Ríocht Aontaithe), faoi rialú Bridgepoint Group plc ('Bridgepoint', an Ríocht Aontaithe),

— GBA Holding GmbH (an Ghearmáin), cuideachta sealbhaíochta ghrúpa GBA ('Grúpa GBA').

Gheobhaidh Bridgepoint rialú aonair ar Ghrúpa GBA ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta sealbhaíochta é Bridgepoint Group Holdings Limited le haghaidh straitéis cothromais phríobháidigh Ghrúpa Bridgepoint. Tá Bridgepoint ar cheann de na hinfheisteoirí fáis is mó ar domhan sa mhargadh príobháideach, agus speisialtóireacht aige i gcothromas príobháideach, bonneagar, creidmheas príobháideach agus margaí tánaisteacha. Tá thart ar USD 98 mbilliún de shócmhainní faoi bhainistíocht ag Bridgepoint, ar fud na hEorpa, Mheiriceá Thuaidh agus na hÁise den chuid is mó,

— Is cuideachta seirbhíse eolaíochta beatha idirnáisiúnta é Grúpa GBA a bhfuil níos mó ná 3 500 fostaí aige a sholáthraíonn seirbhísí anailíseacha, lóistíochta agus speisialaithe i réimsí na cógaisíochta, na dtáirgí leighis, na gcosmaidí, na gceimiceán, an bhia, an uisce óil agus na hinbhuanaitheachta comhshaoil.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12595 — BRIDGEPOINT / GBA GROUP

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË